Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2001

19.7.2024

# CINNEADH (AE) 2024/2001 ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Iúil 2024

## lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Banque de France

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Meitheamh 2024 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Banque de France (BCE/2024/15) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, le hiniúchadh a dhéanamh ar chuntais BCE agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha Banque de France, Mazars agus KPMG S.A., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2023. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2024 ar aghaidh.

(3) Roghnaigh Banque de France Mazars S.A. agus Deloitte & Associés S.A.S. mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2024 go 2029.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí Mazars S.A. agus Deloitte & Associés S.A.S. mar iniúchóirí seachtracha Banque de France do na blianta airgeadais 2024 go 2029.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle ([2]) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Leis seo, ceaptar Mazars S.A. agus Deloitte & Associés S.A.S. mar iniúchóirí seachtracha Banque de France do na blianta airgeadais 2024 go 2029.’.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

VARGA M.

---

([1]) IO C, C/2024/3693, 10.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3693/oj.
([2]) Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69).